Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13575/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0227(COD)

CODEC 1525
COH 101
NDICI 17
RELEX 1345

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha sonracha do chláir um chomhar 2014-2020 a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim Eorpach Chomharsanachta agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, tar éis gur cuireadh isteach ar chur chun feidhme an chláir **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 22 Iúil 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 178, 209(1), agus 212(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Deireadh Fómhair 2022[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. An 20 Deireadh Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir leis an togra ón gCoimisiún a ghabháil chuici féin agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

1 11582/22.
2 Nár foilsíodh fós san IO.
3 13471/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 52/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.